# Tuarascáil bhliantúil ar fheidhmiú an Chláir Trédhearcachta, 2021

## Arna thíolacadh ag Bord Bainistíochta an Chláir Trédhearcachta

## do

## Pharlaimint na hEorpa, do Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus don Choimisiún Eorpach

Tá tuarascáil bhliantúil maidir le feidhmiú an Chláir Trédhearcachta le cur faoi bhráid na n-institiúidí is sínitheoirí, i gcomhréir le hAirteagal 13(3) den Chomhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach, arna shíniú an 20 Bealtaine 2021.

Sa tuarascáil seo leagtar amach faisnéis fhíorasach maidir leis an gClár Trédhearcachta, inneachar an Chláir agus aon athruithe a bhaineann leis in 2021. Tugtar tuairisc inti freisin ar na bearta coinníollachta agus ar na bearta comhlántacha trédhearcachta atá i bhfeidhm sna hinstitiúidí is sínitheoirí an bhliain chéanna.

**Clár**

I. Achoimre feidhmiúcháin ... 3
II. Réamhrá ... 4
1. Eochairghnéithe Chomhaontú Idirinstitiúideach 2021 ... 4
2. Struchtúr rialachais ... 5
3. Cur chun feidhme agus idirthréimhse ... 6
III. Bearta coinníollachta agus bearta comhlántacha trédhearcachta ... 7
IV. Gníomhaíochtaí Rúnaíocht an Chláir Trédhearcachta ... 10
1. Faireachán ar cháilíocht sonraí ... 10
2. Seirbhís Deisce Cabhrach ... 11
3. Imscrúduithe ... 11
4. Cruinniú an Bhoird Bainistíochta, 2021 ... 12
5. Treoraíocht agus múscailt feasachta ... 13
6. Forbairtí teicniúla ... 13
V. Staidreamh ... 14
1. Éabhlóid an Chláir Trédhearcachta ... 14
2. Catagóirí na gcláraithe idir an 1 Eanáir 2021 agus an 20 Meán Fómhair 2021 ... 15
3. Leasanna idir an 21 Meán Fómhair agus an 31 Nollaig 2021 ... 17
4. Ráta ascnaimh ... 18
5. Sonraí geografacha ... 18
6. Cuairteanna ar shuíomh gréasáin an Chláir Trédearcachta ... 18
VI. Conclúidí ... 19

# I. Achoimre feidhmiúcháin

Maidir leis an gClár Trédhearcachta, ba bhliain speisialta í an bhliain 2021. Ní hamháin gurbh í an bhliain sin cothrom 10 mbliana an ama ar bunaíodh an Clár Trédhearcachta mar chomhuirlis trédhearcachta de chuid Pharlaimint na hEorpa agus an Choimisiúin Eorpaigh í, ach tugadh isteach ré nua don chomhar idirinstitiúideach maidir le beartas trédhearcachta an Aontais freisin, agus Comhairle an Aontais Eorpaigh ag glacadh páirte ann. An 1 Iúil 2021, tháinig comhaontú trípháirteach nua idirinstitiúideach maidir le Clár Trédhearcachta sainordaitheach i bhfeidhm, agus cur chuige neartaithe ann le haghaidh rialachas comhpháirteach, bearta chun ionadaíocht eiticiúil sainleasa a chur chun cinn agus ceanglais nua trédhearcachta arna gcur ar ionadaithe sainleasa i ndáil lena ngníomhaíochtaí vis-à-vis institiúidí an Aontais.

Tugtar forbhreathnú sa tuarascáil seo ar chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh nua (féach Ranna II & III). Mínítear inti an chaoi a leagtar síos sainordú leis an gcomhaontú, trí phrionsabal na 'coinníollachta' a chur i bhfeidhm, go gcláródh ionadaithe sainleasa chun gur féidir leo cineálacha áirithe eochairghníomhaíochtaí ionadaíochta sainleasa a dhéanamh ar leibhéal an Aontais.

Tugtar cuntas sa tuarascáil freisin ar roinnt gnéithe nua eile faoin gComhaontú Idirinstitiúideach nua, a n-áirítear orthu struchtúr bainistíochta dhá shraith atá nua éifeachtúil. Déanann Bord Bainistíochta an Chláir Trédhearcachta, ar a bhfuil Ard-Rúnaithe na dtrí institiúid is sínitheoirí, formhaoirseacht ar obair Rúnaíochta atá i gceannas ar bhainis tiú laethúil an chláir agus atá comhdhéanta de chomhaltaí foirne ó na trí institiúid sin. Thionóil an Bord Bainistíochta a chéad chruinniú i mí Mheán Fómhair 2021 chun riachtanais agus tosaíochtaí an Chláir Trédhearcachta a chinneadh don bhliain dár gcionn. Díríodh go leor de ghníomhaíochtaí na Rúnaíochta in 2021 (féach Roinn IV) ar an gcur chun feidhme teicniúil, ar ullmhú an Bhoird Bainistíochta agus ar ghníomhaíochtaí múscailte feasachta faoi na ceanglais nua le haghaidh ionadaithe sainleasa.

Tá fás leanúnach tagtha ar an gClár Trédhearcachta, agus bhí 13 366 dhuine cláraithe ann faoin 31 Nollaig 2021. Ó thaobh oibríochta agus riaracháin de, bhí iarracht mhór de dhíth chun an bealach a réiteach le haghaidh aistriú rianúil ón seanchóras go dtí an córas nua sainordaitheach. Áiríodh leis sin treoir nua a eisiúint d'iarratasóirí agus do chláraithe, foirm chlárúcháin nua a fhorbairt agus an láithreán gréasáin a athchóiriú. Bhí cúnamh breise ón deasc chabhrach agus gníomhaíochtaí breise múscailte feasachta agus ócáidí a bhí dírithe ar gheallsealbhóirí i gceist leis an aistriú freisin.

Bhí cáilíocht sonraí ina heochairthosaíocht go fóill in 2021. Seiceáladh na hiarratais nua uile sular foilsíodh iad, d'éirigh le 452 ionadaí sainleasa clárú trí úsáid a bhaint as an bhfoirm chlárúcháin nua, agus tugadh idirthréimhse sé mhí d'ionadaithe sainleasa a chláraigh roimhe sin chun riachtanais an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh a thabhairt cothrom le dáta. Shroich an ráta ascnaimh 39% an 31 Nollaig 2021 (féach Roinn V).

# II. Réamhrá

Is éard atá sa Chlár Trédhearcachta bunachar sonraí poiblí ina bhfuil faisnéis atá cothrom le dáta i dtaobh ionadaithe sainleasa a bhíonn ag gabháil go gníomhach do ghníomhaíochtaí atá dírithe ar thionchar a imirt ar cheapadh nó ar chur chun feidhme beartas nó reachtaíochta ar leibhéal an Aontais. Leis an gClár tugtar deis do dhaoine aonair, do na meáin, do gheallsealbhóirí agus d'fhoireann an Aontais na sainleasanna a ndéantar ionadaíocht thar a gceann trí institiúidí an Aontais a rianú, agus fáil amach cé atá ag déanamh ionadaíochta ar na sainleasanna sin agus cé ar a shon a bhfuil siad á dhéanamh sin, chomh maith lena fháil amach cad iad na hacmhainní a thugtar do na gníomhaíochtaí agus do na hiarrachtaí brústocaireachta gaolmhara. Tá sé ar cheann de roinnt uirlisí trédhearcachta a bhfuil sé mar aidhm leo trédhearcacht agus oscailteacht phróiseas cinnteoireachta an Aontais a fheabhsú.

Bhunaigh Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach an scéim den chéad uair in 2011 trí chomhaontú idirinstitiúideach, agus rinneadh athbhreithniú ar an scéim in 2014[1] agus rinneadh mórchóiriú uirthi in 2021. Chun cur chuige comhordaithe a bhunú, ina mbeidh córas coibhéiseach trédhearcachta le haghaidh ionadaíocht sainleasa ar leibhéal an Aontais, thug Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach Comhaontú Idirinstitiúideach nua[2] i gcrích in 2021. Bunaítear leis an gComhaontú Idirinstitiúideach nua an Clár Trédhearcachta sainordaitheach mar eochairuirlis de chuid na dtrí institiúid chun trédhearcacht na brústocaireachta a fheabhsú agus chun go mbeidh rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí agus na sochaí sibhialta i bpróiseas cinnteoireachta daonlathach an Aontais níos sofheicthe fós.

I gcomhréir le hAirteagal 13 den Chomhaontú Idirinstitiúideach, tá faisnéis fhíorasach sa tuarascáil seo maidir leis an gClár Trédhearcachta, a inneachar agus na hathruithe ina leith a tugadh isteach le linn na tréimhse tuairiscithe. Tugtar forléargas inti freisin ar na bearta trédhearcachta coinníollachta agus ar na bearta trédhearcachta comhlántacha atá i bhfeidhm faoi láthair sna hinstitiúidí is sínitheoirí.

## 1. Eochairghnéithe Chomhaontú Idirinstitiúideach 2021

Leis an gComhaontú Idirinstitiúideach, leagtar síos sainordú go gcláródh ionadaithe sainleasa chun gur féidir leor cineálacha áirithe eochairghníomhaíochtaí ionadaíochta sainleasa a dhéanamh ar leibhéal an Aontais. Is é prionsabal na 'coinníollachta', trína bhfuil clárú sa Chlár Trédhearcachta ina réamhchoinníoll chun gníomhaíochtaí sonracha a dhéanamh, cloch choirnéil an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh agus cuirtear chun feidhme é trí bhíthin bearta aonair arna nglacadh ag gach ceann de na hinstitiúidí is sínitheoirí (féach Roinn III).

Tá an Comhaontú Idirinstitiúideach ina cheangal ar na trí institiúid is sínitheoirí. Tá de chead ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais prionsabal na 'coinníollachta' a shíniú dá ndeoin féin agus dá rogha féin.

---

1 Comhaontú idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an gClár Trédhearcachta i gcomhair eagraíochtaí agus daoine féinfhostaithe a ghabhann do dhéanamh agus do chur chun feidhme bheartais an Aontais, IO L 277, 19.9.2014, lgh. 11-24.

2 Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Clár Trédhearcachta sainordaitheach, IO L 207, 11.6.2021, lgh. 1- 17.

Agus iad ag clárú, aontaíonn gach iarratasóir agus gach cláraí go bhfuil na rialacha agus na prionsabail eiticiúla agus iompraíochta a leagtar amach sa chód iompair (atá i gceangal leis an gComhaontú Idirinstitiúideach) á gcomhlíonadh cheana féin acu, rud a léiríonn go bhfuil rún daingean acu a bheith incháilithe chun clárú nó fanacht sa Chlár Trédhearcachta. Ina theannta sin, ní mór dóibh an fhaisnéis a shonraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú Idirinstitiúideach a chur ar fáil.

Leis an gComhaontú Idirinstitiúideach, tugadh isteach roinnt gnéithe agus feabhsuithe nua de bhreis ar phrionsabal na 'coinníollachta':

- Clár Trédhearcachta lena gcumhdaítear Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún;
- coincheap leathan trédhearcachta, lena n-áirítear freisin bearta trédhearcachta chun clárú a spreagadh agus an creat comhpháirteach a neartú, amhail cruinnithe a fhoilsiú ar líne;
- raon feidhme níos leithne agus níos soiléire cumhdaigh lena gcuirtear san áireamh gníomhaíochtaí a dhéantar thar ceann rialtais tíortha nach Ballstáit den Aontas iad nó comhlachais d'údaráis phoiblí agus a líonraí nuair a dhéanann siad ionadaíocht ar shainleasanna príobháideacha;
- struchtúr bainistíochta éifeachtach dhá shraith (féach Roinn II.2);
- cómhaoiniú an Chláir Trédhearcachta ag na trí institiúid;
- fócas níos géire ar cháilíocht inneachar an Chláir Trédhearcachta trí réamh-mheasúnú a dhéanamh ar incháilitheacht agus cáilíocht sonraí na n-iarratas nua ar chlárú, i.e. go mbeidh gá le faireachán sula bhfoilseofar iad;
- sraith shoiléir de nósanna imeachta riaracháin chun imscrúduithe a dhéanamh agus chun gearáin a láimhseáil i dtaobh sáruithe líomhnaithe ar an gcód iompair, agus aird chuí á tabhairt ar chearta nós imeachta na n-iarratasóirí agus na gcláraithe;
- an fhéidearthacht go mbeadh institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais (seachas na hinstitiúidí is sínitheoirí) rannpháirteach ar bhonn deonach;
- próisis dhinimiciúla tuairiscithe agus athbhreithnithe.

## 2. Struchtúr rialachais

Tá struchtúr rialachais dhá leibhéal ar an gClár Trédhearcachta: Bord Bainistíochta a bhfuil formhaoirseacht fhoriomlán aige ar an gClár Trédhearcachta agus Rúnaíocht atá i gceannas ar an mbainistiú ó lá go lá.

Déanann an Bord Bainistíochta formhaoirseacht ar chur chun feidhme foriomlán an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh. Sa chomhthéacs sin, tá sé freagrach as riachtanais agus tosaíochtaí an Chláir Trédhearcachta a chinneadh, as an tuarascáil bhliantúil maidir lena fheidhmiú a ghlacadh agus as treoracha ginearálta a eisiúint don Rúnaíocht. Tá de chúram air freisin scrúdú agus cinneadh a dhéanamh ar iarrataí go ndéanfaí athbhreithniú ar bhearta arna gcur i bhfeidhm ag an Rúnaíocht tar éis imscrúdú.

Is iad Ard-Rúnaithe Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin i bhfochair a chéile an Bord Bainistíochta. Tagann siad le chéile i gcruinniú uair sa bhliain ar a laghad agus

bíonn gach Ard-Rúnaí i mbun na cathaoirleachta ar feadh téarma bliantúil, ag tosú le hArd-Rúnaí Pharlaimint na hEorpa in 2021 go deireadh 2022.

Tugann an Rúnaíocht treoraíocht d'ionadaithe sainleasa maidir leis an bpróiseas clárúcháin, déanann sí faireachán agus fíorú ar incháilitheacht na n-iarratas, agus déanann sí seiceálacha ar cháilíocht na faisnéise a thugann na cláraithe. Láimhseálann sí gearáin maidir le sáruithe líomhnaithe ar an gcód iompair ag cláraithe agus is féidir léi bearta a chur i bhfeidhm i gcás ina measann sí go bhfuil bonn cirt faoin ngearán. Ina theannta sin, ullmhaíonn an Rúnaíocht an tuarascáil bhliantúil agus méadaíonn sí feasacht ar an gClár Trédhearcachta (féach Roinn IV).

Tá an Rúnaíocht comhdhéanta de chomhaltaí foirne ó na trí institiúid is sínitheoirí, arb ionann a líon agus naonúr fostaithe lánaimseartha (duine amháin sa bhreis ar líon 2020 toisc gur ghlac an Chomhairle ballraíocht ann ó mhí Iúil 2021 ar aghaidh). Feidhmíonn sí faoi chomhordú a comhordaitheora, a dhéanann ionadaíocht ar an Rúnaíocht ar an mBord Bainistíochta agus go poiblí. In 2021, ba é ceann an aonaid atá freagrach as trédhearcacht in Ard-Rúnaíocht an Choimisiúin Eorpaigh comhordaitheoir ainmnithe na Rúnaíochta.

## 3. Cur chun feidhme agus idirthréimhse

Tháinig an Comhaontú Idirinstitiúideach i bhfeidhm an 1 Iúil 2021. Tugtar isteach leis ceanglais nua faisnéise le haghaidh iarratasóirí agus le haghaidh cláraithe. Leagtar amach na ceanglais sin in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú Idirinstitiúideach. Maidir leis an bhfaisnéis airgeadais atá le soláthar, ní mór do na cláraithe anois na cineálacha sainleasanna dá ndéanann siad ionadaíocht a roghnú (a sainleasanna féin nó sainleasanna a gcomhaltaí, sainleasanna cliant, nó sainleasanna neamhthráchtála), chun an fhaisnéis airgeadais is ábhartha a chinneadh (Roinn V).

An 20 Meán Fómhair 2022, d'fhoilsigh an Rúnaíocht foirm iarratais/chlárúcháin nua ar shuíomh gréasáin an Chláir Trédhearcachta chun go mbeadh iarratasóirí agus cláraithe in ann na ceanglais nua faisnéise a chomhlíonadh. Bhí ar gach iarratasóir nua a thíolacann iarratas ar chlárúchán an fhoirm nua a líonadh isteach agus bhí siad faoi réir seiceáil incháilitheachta sula bhfoilseofaí ar an gClár Trédhearcachta iad. Ina theannta sin, cuireadh in iúl do na cláraithe reatha uile a iontráladh sa Chlár Trédhearcachta roimh an dáta sin go raibh siad i dteideal, ar feadh tréimhse sé mhí[3], a gclárúchán a leasú de réir na foirme nua chun fanacht ar an gClár.

Chun feasacht a mhéadú maidir le clárú na n-ionadaithe sainleasa agus chun an clárú sin agus a n-aistriú chuig an gcóras nua a éascú, d'fhoilsigh an Rúnaíocht treoirlínte nua d'iarratasóirí agus do chláraithe agus liosta méadaithe nua de Cheisteanna Coitianta ar shuíomh gréasáin an Chláir Trédhearcachta. Sular bhunaigh sí an treoraíocht mhionsonraithe nua, chuaigh an Rúnaíocht i gcomhairle le geallsealbhóirí an Chláir Trédhearcachta trí cheistneoir ar líne i mí an Mheithimh 2021[4]. Chuir an Rúnaíocht faisnéis mhionsonraithe ar fáil freisin faoi struchtúr nua rialachais an Chláir Trédhearcachta agus faoi na bearta coinníollachta agus na bearta trédhearcachta eile atá i bhfeidhm in institiúidí an Aontais ar fholeathanaigh thiomnaithe den suíomh gréasáin.

---

3 Ón 20 Meán Fómhair 2021 go dtí an 19 Márta 2022 (na dátaí sin san áireamh).

4 Tá na freagraí ar an gcomhairliúchán leis na geallsealbhóirí le fáil ar EUSurvey ag an nasc seo: https://ec.europa.eu/eusurvey/publication/2021-IIA-Guidelines-consultation.

Sa tréimhse díreach roimh an bpróiseas nua clárúcháin, thionóil an Rúnaíocht sraith cruinnithe le comhlachtaí ionadaíocha, i.e. gníomhaithe a dhéanann ionadaíocht thar ceann na gcineálacha éagsúla cláraithe atá ar an gClár Trédhearcachta, chun an creat nua a chur i láthair agus chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna sonracha agus ar iarrataí ar fhaisnéis agus ar thuilleadh treoraíochta (féach Roinn IV.5).

## III. Bearta coinníollachta agus bearta comhlántacha trédhearcachta

Glacann Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún bearta coinníollachta nuair a chinneann siad go bhfuil gníomhaíochtaí ionadaíochta sainleasa áirithe le bheith coinníollach ar chlárúchán roimh ré sa Chlár Trédhearcachta. Féadfaidh na trí institiúid bearta trédhearcachta comhlántacha a ghlacadh freisin chun an clárúchán a spreagadh tuilleadh agus chun an creat comhpháirteach a neartú.

Sonraítear thíos na bearta coinníollachta agus na bearta comhlántacha trédhearcachta atá i bhfeidhm faoi láthair i ngach ceann de na trí institiúid.

Féadfaidh institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile an Aontais, chomh maith leis na Ballstáit i ndáil lena mbuanionadaíochtaí chun an Aontais, fógra a thabhairt don Bhord Bainistíochta faoi bhearta coinníollachta nó faoi bhearta trédhearcachta comhlántacha a ghlacann siad agus a iarraidh go bhfoilseofaí iad ar shuíomh gréasáin an Chláir Trédhearcachta. In 2021, níor cuireadh aon fhógra den sórt sin in iúl don Bhord Bainistíochta.

Thug na Ballstáit uile gealltanas, le linn a dtéarma oifige mar Uachtaránacht na Comhairle agus sna sé mhí roimh an téarma sin, go mbeadh cruinnithe le hionadaithe sainleasa agus lena mBuanionadaí agus lena Leas-Bhuanionadaí chun an Aontais Eorpaigh faoi seach coinníollach ar chlárúchán na n-ionadaithe sainleasa sin sa Chlár Trédhearcachta. Tá feidhm ag an mbeart coinníollachta sin maidir leis na cruinnithe a eagraítear leis an mBuanionadaí agus leis an Leas-Bhuanionadaí agus iad ag gníomhú ina gcáil mar Uachtaránacht ghníomhach nó mar Uachtaránacht inteachta ar an gComhairle[5]. Dá bhrí sin, ní ceadmhach d'ionadaithe sainleasa páirt a ghlacadh i gcruinnithe den sórt sin mura bhfuil siad cláraithe. In 2021, bhí feidhm aige sin maidir leis an tSlóivéin[6] toisc go raibh Uachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh aici, agus leis an bhFrainc[7] mar an Uachtaránacht inteachta.

*Parlaimint na hEorpa*

Agus an ról sonrach agus an sainordú sonrach atá acu á gcur san áireamh, moltar d'Fheisirí Pharlaimint na hEorpa[8] gan bualadh ach le hionadaithe sainleasa atá cláraithe sa Chlár Trédhearcachta. Moltar do na Feisirí uile freisin gach cruinniú atá sceidealta le hionadaithe sainleasa a fhoilsiú ar líne.

---

5 https://ec.europa.eu/transparencyregister/public/openFile.do?fileName=Transparency%20register%20-%20Member%20states%27%20political%20declaration.EN.pdf.

6 https://www.gov.si/en/representations/permanent-representation-to-the-european-union-brussels/about-the-permanent-representation-to-the-european-union-brussels/transparency-register/.

7 https://ue.delegfrance.org/registre-de-transparence.

8 Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa ( Riail 11 (2)).

Foilsítear na cruinnithe sin ar leathanaigh phróifíle aonair gach Feisire ar shuíomh gréasáin oifigiúil na Parlaiminte. Tá sé d'oibleagáid, áfach, ar rapóirtéirí, ar scáthrapóirtéirí agus ar chathaoirligh na gcoistí gach cruinniú arna sceidealú le hionadaithe sainleasa i ndáil le gach tuarascáil pharlaiminteach a fhoilsiú ar líne. Taispeántar sna sonraí arna bhfoilsiú dáta agus cineál an chruinnithe arna thionól, ábhar an chruinnithe, an t-ionadaí sainleasa ar buaileadh leis nó léi agus ról an Fheisire (i.e. mar rapóirtéir, mar scáthrapóirtéir, mar chathaoirleach coiste nó mar Fheisire nach bhfuil aon fhreagracht shonrach air nó uirthi as an gcomhad).

Tá dualgas ar bhaill foirne na Parlaiminte, agus go deimhin ar státseirbhísigh uile an Aontais, a neamhspleáchas gairmiúil agus pearsanta a choimeád. Dá bhrí sin, ní mór dóibh gníomhú ar bhealach atá comhsheasmhach le neamhspleáchas a bpoist agus moltar dóibh, dá bhrí sin, a sheiceáil an bhfuil na hionadaithe sainleasa cláraithe sula mbuailtear leo i gcruinniú nó sula nglactar le cuireadh chun ócáide.

Tá cinneadh déanta ag Parlaimint na hEorpa nach féidir ach le hionadaithe sainleasa atá cláraithe páirt a ghlacadh sna hidirghrúpaí nó i ngníomhaíochtaí eile na ngrúpálacha[9] neamhoifigiúla. Ceanglaíonn[10] sí freisin go gcláraítear na cainteoirí a labhraíonn ag éisteachtaí na gcoistí dá cuid. Tá Parlaimint na hEorpa tar éis a mholadh freisin dá Feisirí a sheiceáil an bhfuil na hionadaithe sainleasa ar mian leo ócáid a chomhóstáil nó a chomheagrú in éineacht leo ar áitreabh Pharlaimint na hEorpa tar éis clárú[11]. Déanann Parlaimint na hEorpa foráil nach féidir suaitheantais rochtana fhadtéarmacha a eisiúint ach amháin d'ionadaithe sainleasa cláraithe[12]. Mar bheart breise trédhearcachta, is féidir le cláraithe clárú chun nuashonruithe uathoibríocha a fháil ar ghníomhaíochtaí na gcoistí parlaiminteacha tríd an ríomhphost.

I bhfianaise na ngealltanas a tugadh roimhe seo, go háirithe i rún iomlánach a glacadh an 27 Aibreán 2021[13], bhunaigh Parlaimint na hEorpa meitheal inmheánach riaracháin chun ullmhú don obair leantach a bhaineann leis an gComhaontú Idirinstitiúideach. Bunaithe ar a mholtaí, beidh Biúró Pharlaimint na hEorpa freagrach as cinneadh a dhéanamh i dtaobh aon bheart nua coinníollachta nó aon bheart trédhearcachta eile sa Pharlaimint.

*Comhairle an Aontais Eorpaigh*

Mar a leagtar amach i gCinneadh (AE) 2021/929 ón gComhairle[14], is réamhchoinníoll é clárú sa Chlár Trédhearcachta chun go mbuailfeadh ionadaithe sainleasa le hArd-Rúnaí na Comhairle nó leis na hArd-Stiúrthóirí. Tá feidhm ag an riail chéanna maidir le rannpháirtíocht na n-ionadaithe sainleasa, ina gcáil ghairmiúil, i seisiúin faisnéise théamacha arna n-eagrú ag Ardrúnaíocht na Comhairle (i gcás inarb iomchuí agus tar éis dul i gcomhairle leis an Uachtaránacht) nó mar chainteoirí ag ócáidí arna n-eagrú ag Ardrúnaíocht na Comhairle. Ina theannta sin, iarrtar ar bhaill foirne dintiúir na n-ionadaithe sainleasa a sheiceáil chun a áirithiú go bhfuil iontráil acu sa Chlár Trédhearcachta. Mura bhfuil sé sin amhlaidh, ba cheart do na baill foirne oiriúnacht na gcruinnithe a bhreithniú go cúramach, agus dul i gcomhairle lena mbainisteoir líne.

*An Coimisiún Eorpach*

---

9 Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa: Riail 35 (5).
10 Airteagal 7 de Chinneadh ó Bhiúró Pharlaimint na hEorpa an 18 Meitheamh 2003.
11 Cinneadh ó Bhiúró Pharlaimint na hEorpa an 4 Iúil 2016.
12 Riail 123 de Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa.
13 https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2021-0130_EN.html.
14 IO L 207, 11.6.2021, lch. 19.

Cuireann an Coimisiún dianchóras inmheánach coinníollachta i bhfeidhm atá bunaithe ar an bprionsabal 'mura bhfuil tú ar an gClár Trédhearcachta, ní bheidh aon chruinniú ann leat' i ndáil leis na teagmhálacha agus na hidirghníomhaíochtaí a bhíonn aige le hionadaithe sainleasa. Thar aon ní eile, ceanglaíonn sé ar Chomhaltaí uile an Choimisiúin, ar chomhaltaí a nOifigí Príobháideacha agus ar Ard-Stiúrthóirí an Choimisiúin gan bualadh ach le hionadaithe sainleasa atá cláraithe sa Chlár Trédhearcachta. Is éard atá i gceist leis an oibleagáid sin, atá cumhdaithe sa Chód Iompair do Chomhaltaí an Choimisiúin Eorpaigh[15] agus i Modhanna Oibre an Choimisiúin [16], gur gá, sa chleachtas, ionadaí sainleasa a chlárú sula dtarlaíonn na cruinnithe sin. Ina theannta sin, díríonn an Coimisiún, mar chuid dá threoracha praiticiúla maidir le heitic agus iompar foirne, moladh caighdeánach ar a fhoireann uile maidir le dintiúir na n-ionadaithe sainleasa a sheiceáil chun a áirithiú go bhfuil iontráil acu sa Chlár Trédhearcachta. Mura bhfuil siad sa Chlár, moltar do bhaill foirne cuireadh a thabhairt dóibh clárú sula dtugann siad faoina thuilleadh teagmhálacha.

Déantar riail an Choimisiúin gan cruinnithe a thionól le hionadaithe sainleasa neamhchláraithe a nascadh agus a chomhlánú lena bheartas maidir le foilsiú sainordaitheach cruinnithe le hionadaithe sainleasa (cláraithe), i gcomhréir le Cinneadh 2014/838/AE, Euratom[17] agus le Cinneadh 2014/839/AE, Euratom[18]. Is éard atá san fhaisnéis a chuirtear ar fáil don phobal dáta an chruinnithe, an suíomh, ainm an Chomhalta den Choimisiún agus/nó an Chomhalta den Oifig Phríobháideach nó an tArd-Stiúrthóir, ainm an ionadaí sainleasa, i.e. eagraíocht nó duine féinfhostaithe agus ábhar an chruinnithe. Foilsíonn an Coimisiún an fhaisnéis sin go córasach i bhformáid chaighdeánaithe ar shuíomh gréasáin Chomhaltaí an Choimisiúin agus ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireachtaí an Choimisiúin faoi seach, laistigh de dhá sheachtain tar éis an chruinnithe. Cuirtear liosta de na cruinnithe a foilsíodh, i bhfoirm in-íoslódáilte (comhad .pdf) ar fáil freisin ar phróifíl an chláraithe/na gcláraithe lena mbaineann sa Chlár Trédhearcachta.

Thairis sin, i gcomhréir le rialacha ábhartha an Choimisiúin[19], forchoimeádann an Coimisiún ceapadh ionadaithe sainleasa i ngrúpaí saineolaithe de chuid an Choimisiúin d'ionadaithe sainleasa cláraithe agus dóibh sin amháin. Tá feidhm ag an gceanglas sin i dtaobh clárú roimh ré sa Chlár Trédhearcachta maidir le daoine aonair a cheaptar chun ionadaíocht a dhéanamh ar shainleas coiteann atá ag geallsealbhóirí i réimse beartais ar leith (comhaltaí de chineál 'B') chomh maith le heagraíochtaí sa chiall is leithne den fhocal, lena n-áirítear cuideachtaí, comhlachais, eagraíochtaí neamhrialtasacha, ceardchumainn, ollscoileanna, institiúidí taighde, gnólachtaí dlí agus comhairleachtaí (comhaltaí de chineál 'C'). I gcás ina ndéantar baill de Chineál B agus C a chur ar fionraí nó a bhaint den Chlár Trédhearcachta, ní mór don Choimisiún iad a chur ar fionraí ón sainghrúpa nó ó na sainghrúpaí ar comhaltaí díobh iad fad is nach mbunaítear a gclárú sa Chlár Trédhearcachta an athuair.

---

[15] Airteagal 7 de Chinneadh ón gCoimisiún an 31 Eanáir 2018 maidir le Cód Iompair do Chomhaltaí an Choimisiúin Eorpaigh (C(2018) 700), IO C 65, 21.2.2018, lch. 7.

[16] Pointe V de Mhodhanna Oibre an Choimisiúin Eorpaigh.

[17] Cinneadh 2014/838/AE, Euratom ón gCoimisiún an 25 Samhain 2014 maidir le faisnéis a fhoilsiú faoi chruinnithe arna dtionól idir Ard-Stiúrthóirí an Choimisiúin agus eagraíochtaí nó daoine féinfhostaithe, IO L 343, 28.11.2014, lgh. 19-21.

[18] Cinneadh 2014/839/AE, Euratom ón gCoimisiún an 25 Samhain 2014 maidir le faisnéis a fhoilsiú faoi chruinnithe arna dtionól idir Ard-Stiúrthóirí an Choimisiúin agus eagraíochtaí nó daoine féinfhostaithe, IO L 343, 28.11.2014, lgh. 22-24.

[19] Airteagal 8 de Chinneadh ón gComhairle an 30 Bealtaine 2016 lena mbunaítear rialacha cothrománacha maidir le cruthú agus feidhmiú ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin (C(2016) 3301).

Mar bheart breise chun an trédhearcacht a fheabhsú agus chun an clárú a spreagadh, tugann an Coimisiún foláirimh uathoibríocha do chláraithe a shonraigh ina gclárú go bhfuil sainleas acu i réimse nó réimsí beartais áirithe a bhaineann le seoladh comhairliúcháin phoiblí nó le treochlár sa réimse nó sna réimsí ábhartha agus próiseálann sé aighneachtaí ó chláraithe ar leithligh ó na rannpháirtithe neamhchláraithe[20].

## IV. Gníomhaíochtaí Rúnaíocht an Chláir Trédhearcachta

Maidir leis an gClár Trédhearcachta, ba bhliain speisialta í an bhliain 2021. Mar a luadh thuas, rinne an Rúnaíocht bearta sonracha i rith na bliana chun an Comhaontú Idirinstitiúideach a chur chun feidhme (féach Roinn II.3) agus chun aistriú rianúil chuig an scéim nua sainordaitheach a áirithiú, agus ag an am céanna lean sí ar aghaidh lena gníomhaíochtaí ó lá go lá, mar a léirítear tuilleadh thíos.

### 1. Faireachán ar cháilíocht sonraí

Leis an gClár Trédhearcachta tugtar léargas ar ghníomhaíochtaí brústocaireachta na n-ionadaithe sainleasa a bhfuil baint acu le timthriall beartais nó timthriallta beartais agus próisis chinnteoireachta ghaolmhara institiúidí an Aontais a cheapadh nó a chur chun feidhme, lena n-áirítear sonraí sonracha maidir leis na príomhthograí reachtacha nó na príomhbheartais a ndírítear orthu le gníomhaíochtaí na gcláraithe a chumhdaítear leis an gComhaontú Idirinstitiúideach tráth faoi leith. Is é sin an fáth a bhfuil roinnt ionadaithe sainleasa ann nach gcláraítear iad ach ar feadh tréimhse theoranta ama, agus an fáth a bhféadfadh ionadaithe eile fanacht sa bhunachar sonraí ar feadh tréimhse níos faide.

Trí chlárú, geallann na hionadaithe sainleasa go soláthróidh siad faisnéis atá iomlán, cothrom le dáta agus nach bhfuil míthreorach tráth an chlárúcháin, agus ina dhiaidh sin agus iad i mbun fheidhmiú leanúnach na ngníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an gComhaontú Idirinstitiúideach. Chuige sin, spreagtar na cláraithe chun an fhaisnéis arna soláthar a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta a luaithe a tharlaíonn aon athruithe móra agus nuashonrú oibleagáideach bliantúil a dhéanamh ar an gclárú chun fanacht sa Chlár Trédhearcachta. Ar deireadh thiar, is iad na hionadaithe sainleasa atá freagrach as cruinneas a gcuid sonraí clárúcháin.

Áirítear ar cheann de phríomhchúraimí na Rúnaíochta an cháilíocht is fearr is féidir ó thaobh sonraí de sa Chlár Trédhearcachta a áirithiú. De réir an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh, déanann an Rúnaíocht gach iarratas nua ar chlárú a mheas i leith na gcritéar incháilitheachta agus na gceanglas faisnéise sular féidir na hiarratais sin a bhailíochtú agus a fhoilsiú ar an gclár[21]. Déanann sí athbhreithniú freisin ar inneachar an Chláir Trédhearcachta i gcur chuige níos spriocdhírithe, go háirithe i gcásanna ina bhfuil cúiseanna aici chun a chreidiúint nach dtugtar go cruinn leis na clárúcháin an fhaisnéis a shonraítear sa Chomhaontú Idirinstitiúideach. D'fhonn cur le hiontaofacht an bhunachair sonraí mar uirlis tagartha, téann an Rúnaíocht i dteagmháil leis na cláraithe ar bhonn cás ar chás, chun cruinneas na faisnéise a chuir siad ar fáil a sheiceáil, chun ceartú ar aon neamhréireachtaí a iarraidh agus chun a áirithiú go bhfoilseofar an fhaisnéis is gá.

---

[20] Treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr ón gCoimisiún Eorpach (SWD(2017)350), go háirithe Caibidil VII Treoirlínte maidir le Comhairliúchán le Geallsealbhóirí.

[21] Is amhlaidh atá i gcás na n-iarratas nua uile ar chlárúchán arna dtíolacadh amhail ón 20 Meán Fómhair 2021.

I gcomhthéacs a gníomhaíochtaí faireacháin in 2021, chuir an Rúnaíocht 3 360 seiceáil i gcrích[22]. Áirítear orthu sin 2 592 seiceáil cáilíochta a rinneadh le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 20 Meán Fómhair 2021 (seoladh na foirme clárúcháin nua):

- I gcás 40% de na clárúcháin a seiceáladh, tugadh cáilíocht shásúil sonraí;
- Rinne 30% de na cláraithe a ndeachthas i dteagmháil leo a gclárúchán a thabhairt cothrom le dáta;
- Baineadh 30% den chlár tar éis na seiceála, mar gheall ar neamhcháilitheacht nó mar gur mhainnigh siad nuashonrú a dhéanamh.

Bhain na 768 seiceáil incháilitheachta agus cáilíochta atá fágtha leis na hiarratais a tíolacadh tar éis sheoladh na foirme clárúcháin nua, agus glacadh le 452 (58%) díobh sin agus gníomhachtaíodh iad[23].

## 2. Seirbhís Deisce Cabhrach

Cuireann an Rúnaíocht seirbhís deisce cabhrach ar fáil chun ceisteanna a fhreagairt faoin gClár Trédhearcachta; is féidir le haon duine iarraidh a chur faoi bhráid na deisce cabhrach tríd an suíomh gréasáin ilteangach (faoin táb 'Contact us'). In 2021, d'fhreagair an Rúnaíocht líon suntasach fiosrúchán agus iarrataí ar fhaisnéis faoin gClár Trédhearcachta ó gheallsealbhóirí, ó thaighdeoirí agus ó dhaoine aonair, chomh maith le hiarrataí ar thacaíocht agus ar threoraíocht ó iarratasóirí agus ó chláraithe le linn an phróisis clárúcháin[24]. Bhí sé sin amhlaidh go háirithe tar éis an fhoirm chlárúcháin nua a thabhairt isteach agus go príomha maidir leis na fadhbanna teicniúla a bhí ag na cláraithe agus iad ag aistriú chuig an gcóras nua.

## 3. Imscrúduithe

Chomh maith le faireachán a dhéanamh ar cháilíocht na sonraí sa Chlár Trédhearcachta, láimhseálann an Rúnaíocht gearáin isteach agus déanann sí imscrúduithe ar a tionscnamh féin i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gComhaontú Idirinstitiúideach. Agus an méid sin á dhéanamh aici, cuireann an Rúnaíocht prionsabal na comhréireachta agus prionsabal an dea-riaracháin san áireamh.

Tagraíonn *'gearán'* do nós imeachta a bhaineann le líomhaintí faoi neamhchomhlíonadh an chóid iompair ag cláraí. Aon duine nádúrtha nó dlítheanach a dhéanann líomhaintí den sórt sin i gcoinne cláraí, féadfaidh sé nó sí gearán a thaisceadh leis an Rúnaíocht ach an fhoirm ábhartha a líonadh ar shuíomh gréasáin an Chláir Trédhearcachta.

Trí chlárú, aontaíonn ionadaithe sainleasa go gcuireann siad rialacha agus prionsabail an chóid iompair i bhfeidhm cheana féin, agus glacann siad leis go ndéanfar aon ghearán a láimhseáil i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha síos in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gComhaontú Idirinstitiúideach.

Leis an gComhaontú Idirinstitiúideach táthar tar éis deireadh a chur le coincheap na 'bhfoláireamh', lenarbh fhéidir le tríú páirtithe an Rúnaíocht a chur ar an eolas faoi earráidí fíorasacha agus faoi aon fhaisnéis mhíchruinn eile a bhí sa Chlár Trédhearcachta. Leis an athrú tugtar le tuiscint gur gearáin faoi scáth an chórais nua iad na 'foláirimh' sin feasta. Mar sin

[22] In 2020, rinneadh 4 973 seiceáil ar inneachar an chláir. In 2021, bhí an figiúr foriomlán níos ísle mar gheall ar an aistriú chuig an gcóras sainordaitheach nua.
[23] Féach Roinn V.
[24] In 2021, d'fhreagair an Rúnaíocht thart ar 1 255 fhiosrúchán agus iarraidh.

féin, ós rud é nár tháinig an Comhaontú Idirinstitiúideach i bhfeidhm ach ón 1 Iúil 2021, dhéileáil an Rúnaíocht in 2021 le hocht bhfoláireamh (fuarthas ceann amháin díobh ar dtús mar ghearán) arna dtíolacadh ag ocht gcinn d'eagraíochtaí nó de dhaoine aonair éagsúla agus iad ag léiriú earráidí a d'fhéadfadh a bheith i seacht gclárúchán. Bhain na foláirimh sin le cruinneas na ndearbhuithe airgeadais agus na sonraí eile arna soláthar ag na cláraithe, agus le heaspa faisnéise nó faisnéis mhícheart maidir le cruinnithe arna reáchtáil ag na cláraithe le hinstitiúidí an Aontais. Rinne gach cláraí a ndearna an Rúnaíocht teagmháil leis nó léi a gcuid sonraí a nuashonrú ar bhealach sásúil sa chomhthéacs sin, cé is moite de chláraí amháin, a baineadh den Chlár Trédhearcachta.

In 2021, chuir an Rúnaíocht clabhsúr rathúil le ceithre ghearán a bhí ar feitheamh ón mbliain roimhe sin, tar éis do na cláraithe lena mbaineann a gclárú a thabhairt cothrom le dáta nó tar éis dóibh mínithe sásúla a thabhairt ar shlí eile.

Ina theannta sin, fuair an Rúnaíocht 29 ngearán nua in 2021, agus déileáladh le ceann amháin acu sin mar 'fholáireamh' ós rud é nach raibh baint aige ach le saincheisteanna cáilíochta sonraí agus gur tíolacadh é roimh theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh. As na gearáin a bhí fágtha, measadh go raibh 23 ghearán neamh-inghlactha, toisc nach raibh baint acu le nithe a thagann faoi chuimsiú an Chláir Trédhearcachta. Is líon thar a bheith ard de na gearáin neamh-inghlactha é sin, agus is léiriú soiléir é go ndearna líon an-mhór tomhaltóirí nó daoine aonair eile a bhí ag gníomhú ina gcáil phearsanta iarracht, le linn phaindéim COVID-19, gearáin a dhéanamh maidir le nithe pearsanta trí dhul in araicis, sa chomhthéacs sin, na seirbhíse poiblí contráilte.

As na cúig ghearán inghlactha, cuireadh clabhsúr le ceann amháin in 2021 agus bhí imscrúduithe ar na ceithre ghearán inghlactha eile ar siúl fós ag deireadh 2021. Bhain siad den chuid is mó le cáilíocht agus cruinneas na faisnéise a áirítear i bhfoirmeacha clárúcháin na n-eagraíochtaí ar tíolacadh na gearáin ina leith, agus bhí siad ar siúl fós i ngeall ar an idirthréimhse a thosaigh le linn an dara leath de 2021, faoina bhfuil dualgas ar chláraithe ceanglais nua mar a leagtar amach i gComhaontú Idirinstitiúideach 2021 a chomhlíonadh.

Agus imscrúdú á láimhseáil aici, féachann an Rúnaíocht i gcónaí le hidirphlé cuiditheach a áirithiú leis an gcláraí nó leis na cláraithe lena mbaineann chun na saincheisteanna atá aitheanta a shoiléiriú agus a réiteach, a mhéid is féidir, sula ndéantar aon bhearta is gá.

## 4. Cruinniú an Bhoird Bainistíochta, 2021

D'ullmhaigh an Rúnaíocht an chéad chruinniú den Bhord Bainistíochta, a tionóladh an 24 Meán Fómhair 2021. Ag an gcruinniú sin, rinne an Bord Bainistíochta na cinntí seo a leanas:

- ceapachán an Chinn Aonaid atá freagrach as trédhearcacht in Ard-Rúnaíocht an Choimisiúin mar Chomhordaitheoir na Rúnaíochta don tréimhse atá fágtha de 2021 agus ar feadh téarma inathnuaite bliana ó 2022 ar aghaidh;
- cinneadh i dtaobh thosaíochtaí bliantúla an Chláir Trédhearcachta in 2022, mar aon le meastacháin agus sciartha buiséid chun na tosaíochtaí sin a chur chun feidhme i ndáil le gach institiúid is sínitheoir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach[25];
- treoir don Rúnaíocht, mar chuid de thosaíochtaí bliantúla 2022, tabhairt faoi mheasúnú ar fheidhmíocht uirlis TF an Chláir Trédhearcachta.

[25] I ndáil le 2022: CE: 57%; PE: 33%; An Chomhairle: 10%.

Foilsíodh na doiciméid uile i dtaobh chruinniú an Bhoird Bainistíochta, lena n-áirítear clár oibre agus miontuairiscí an chruinnithe, ar an bhfoleathanach rialachais de shuíomh gréasáin an Chláir Trédhearcachta.

## 5. Treoraíocht agus múscailt feasachta

Eisíonn an Rúnaíocht treoirlínte d'iarratasóirí agus do chláraithe agus treoraíocht eile maille le faisnéis phraiticiúil chun forálacha áirithe den Chomhaontú Idirinstitiúideach a shoiléiriú agus a mhíniú ar bhealach níos mionsonraithe. Is toradh í an treoraíocht sin ar mhalartuithe rialta le geallsealbhóirí agus is é is aidhm di tacú le cláraithe ina n-iarrachtaí faisnéis chruinn a thabhairt agus botúin choiteanna a sheachaint.

Mar a luaitear thuas, d'fhoilsigh an Rúnaíocht treoirlínte nua agus liosta nua Ceisteanna Coitianta in 2021 i ngach ceann de na 23 theanga oifigiúla.

Ina theannta sin, thug an Rúnaíocht faoi shraith gníomhaíochtaí cumarsáide agus múscailte feasachta a bhí dírithe ar na geallsealbhóirí d'fhonn an Comhaontú Idirinstitiúideach agus an treoraíocht nua a ghabhann leis a chur i láthair agus a mhíniú. Áiríodh leis seo seisiúin faisnéise do gheallsealbhóirí[26] agus mic léinn ollscoile éagsúla[27].

Lean na trí institiúid freisin lena n-iarrachtaí feasacht a mhúscailt maidir leis an gClár Trédhearcachta laistigh de gach institiúid, lena n-áirítear seisiúin thiomnaithe faisnéise agus oiliúna a cuireadh ar fáil do bhaill foirne[28].

## 6. Forbairtí teicniúla

Comhordaíonn an Rúnaíocht forbairt réiteach TF chun feabhas a chur ar an gClár Trédhearcachta.

Le teacht i bhfeidhm Chomhaontú Idirinstitiúideach 2021, ba ghá iarracht mhór ar an taobh teicniúil chun suíomh gréasáin an Chláir Trédhearcachta a chur in oiriúint don Chomhaontú Idirinstitiúideach, go háirithe maidir le forbairt na foirme iarratais nua agus í a bheith in oiriúint do na ceanglais nua faisnéise. Cuireadh an fhoirm ar fáil i ngach leagan teanga faoi dheireadh 2021.

Ina theannta sin, b'éigean na huirlisí TF cúloifige a úsáideann foireann na Rúnaíochta chun láimhseáil a dhéanamh ar bhainistiú laethúil an Chláir Trédhearcachta a ailíniú leis an gcreat nua.

---

[26] An Banc Ceannais Eorpach (BCE), Ard-Údarás na Fraince um Thrédhearcacht sa Saol Poiblí (HATVP), Comhlachas na gComhairleachtaí Gnóthaí Poiblí Eorpacha (EPACA), Cónaidhm Thionscail na Gearmáine (BDI/BDA), Coimisiún um Ghnóthaí Dlíthiúla Chomhdhálacha Easpag an Aontais Eorpaigh (COMECE) agus Líonra na gCláraitheoirí Eorpacha Brústocaireachta (ELRN).

[27] Science Politique Paris; Ollscoil Pháras, Nanterre; Ollscoil Maastricht; Ollscoil na hAlban, Stirling; Toscaireacht Freshfel Oirthear na hAfraice; Cumann Mac Léinn Dlí Bocconi; agus institiúid Céimithe na Ginéive.

[28] Áirítear leis sin 18 seisiún bheo cianoiliúna maidir le 'conas déileáil le brústocairí' don fhoireann i bParlaimint na hEorpa. Chuir an Coimisiún 8 seisiún oiliúna den chineál sin ar fáil dá fhoireann féin chomh maith le láithreoireachtaí saincheaptha d'Oifigí Príobháideacha Chomhaltaí an Choimisiúin agus dá líonra de phointí teagmhála trédhearcachta agus eitice. Sa Chomhairle, tugadh faoi shraith gníomhaíochtaí cumarsáide agus múscailte feasachta chun an Comhaontú Idirinstitiúideach agus cur chun feidhme praiticiúil Chinneadh (AE) 2021/929 ón gComhairle a chur i láthair agus a mhíniú.


Ag an gcruinniú a bhí aige an 24 Meán Fómhair 2021, thug an Bord Bainistíochta treoir don Rúnaíocht measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an ardáin TF atá 10 mbliana d'aois agus a bhfuil an Clár Trédhearcachta bunaithe air. Sa chomhthéacs sin, bunaíodh Meitheal TF ag deireadh na bliana 2021 chun scrúdú a dhéanamh ar na roghanna atá ar fáil chun a áirithiú go leanfaidh an clár de bheith ina uirlis TF inmharthana nua-aimseartha.

# V. Staidreamh


Le teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh, athraíodh tíopeolaíocht na gcláraithe atá ar an gClár Trédhearcachta. Go deimhin, ní mór do na cláraithe anois ceann amháin de na trí chineál sainleasanna a ndéantar ionadaíocht orthu a roghnú, maille le bandaí comhfhreagracha éagsúla den fhaisnéis airgeadais is infheidhme maidir le gach catagóir. Dá bhrí sin, déantar an chuid den tuarascáil ina gcuirtear na cineálacha éagsúla cláraithe i láthair a mhiondealú ina dhá chuid, lena gcumhdaítear an fhaisnéis staidrimh i ndáil leis an tréimhse roimh an 20 Meán Fómhair 2021 agus i ndáil leis an tréimhse ina dhiaidh (Féach Ranna V.2 agus V.3).

## 1. Éabhlóid an Chláir Trédhearcachta

Ó bunaíodh é mar bhunachar sonraí poiblí comhpháirteach de chuid Pharlaimint na hEorpa agus an Choimisiúin Eorpaigh go dtí an scéim shainordaitheach thríthaobhach atá ann faoi láthair, tá méadú leanúnach tagtha ar mhéid an Chláir Trédhearcachta, agus é méadaithe go 13 366 chláraí an 31 Nollaig 2021. Cé gur léiriú é an éabhlóid sin ar mhéadú i ndearbhthéarmaí, tagann athrú ar an mbunachar sonraí go laethúil, de réir mar a chláraíonn ionadaithe sainleasa, mar a dhíchláraíonn siad, mar a dhéanann siad athiarratas ar chlárú nó mar a bhaintear den Chlár iad, ag brath ar a ngníomhaíochtaí brústocaireachta aon tráth ar leith.



Sa chairt thíos léirítear éabhlóid na gclárúchán nua, lena n-áirítear na hionadaithe sainleasa sin amháin a cláraíodh in imeacht tréimhse níos faide ná 12 mhí, idir an 1 Eanáir 2021 agus an 31 Nollaig 2021, agus a bhí fós gníomhach ag deireadh na tréimhse sin[29].




## 2. Catagóirí na gcláraithe idir an 1 Eanáir 2021 agus an 20 Meán Fómhair 2021

Go dtí an 20 Meán Fómhair 2021, bhí an Clár Trédhearcachta comhdhéanta d'ionadaithe sainleasa arna n-aicmiú faoi 6 roinn réamhshainithe agus 14 fhoroinn, dá bhforáiltear i gComhaontú Idirinstitiúideach 2014 agus a chomhfhreagraíonn do chineálacha éagsúla eagraíochtaí.


[29] San iomlán, rinne 3 360 eintiteas iarratas ar chlárú in 2021.

Tá miondealú ar na cláraithe idir na ranna agus na foranna dá bhforáiltear i gComhaontú Idirinstitiúideach 2014 leagtha amach sa tábla thíos.

| **An 20 Meán Fómhair 2021, bhí 12 914 chláraí sa Chlár Trédhearcachta agus iad scaipthe idir na ranna agus na foranna seo a leanas:** | |
|---|---|
| **I - Comhairleachtaí gairmiúla/gnólachtaí dlí/sainchomhairleoirí féinfhostaithe** | **904** |
| Comhairleachtaí gairmiúla | 580 |
| Gnólachtaí dlí | 94 |
| Sainchomhairleoirí féinfhostaithe | 230 |
| **II - Brústocairí intí agus comhlachais ghairmiúla trádála/gnó** | **6 952** |
| Cuideachtaí agus grúpaí | 2 905 |
| Comhlachais trádála agus ghnó | 2 715 |
| Ceardchumainn agus comhlachais ghairmiúla | 987 |
| Eagraíochtaí eile | 345 |
| **III - Eagraíochtaí neamhrialtasacha** | **3 518** |
| Eagraíochtaí, ardáin agus líonraí neamhrialtasacha agus a leithéidí | 3 518 |
| **IV - Meithleacha smaointe, institiúidí taighde agus institiúidí acadúla** | **967** |
| Meithleacha smaointe agus institiúidí taighde | 602 |
| Institiúidí acadúla | 365 |
| **V - Eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar eaglaisí agus ar phobail reiligiúnacha** | **55** |
| **VI - Eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar údaráis áitiúla, réigiúnacha agus bhardasacha, eintitis phoiblí nó mheasctha eile, etc.** | **573** |
| Struchtúir réigiúnacha | 118 |
| Údaráis phoiblí fhonáisiúnta eile | 95 |
| Comhlachais thrasnáisiúnta agus líonraí d'údaráis phoiblí, réigiúnacha nó fhonáisiúnta eile | 77 |
| Eintitis phoiblí nó mheasctha eile, atá cruthaithe ag an dlí agus arb é is cuspóir dóibh gníomhú ar mhaithe le leas an phobail | 283 |

## 3. Leasanna idir an 21 Meán Fómhair agus an 31 Nollaig 2021

Tar éis an fhoirm chlárúcháin nua a thabhairt isteach, chláraigh 452 ionadaí sainleasa sa Chlár Trédhearcachta. A bhformhór sin b'eagraíochtaí iad nach ndéanann ionadaíocht ar shainleasanna tráchtála, mar a léirítear sa chairt thíos.




Miondealaíodh na cláraithe nua sin sna ranna seo a leanas:


| | |
|---|---|
| Comhairleachtaí gairmiúla | 27 |
| Gnólachtaí dlí | 7 |
| Sainchomhairleoirí féinfhostaithe | 10 |
| Cuideachtaí agus grúpaí | 157 |
| Comhlachais trádála agus ghnó | 41 |
| Ceardchumainn agus comhlachais ghairmiúla | 29 |
| Eagraíochtaí, ardáin agus líonraí neamhrialtasacha agus a leithéidí | 123 |
| Meithleacha smaointe agus institiúidí taighde | 21 |
| Institiúidí acadúla | 7 |
| Eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar eaglaisí agus ar phobail reiligiúnacha | 1 |
| Comhlachais agus líonraí de na húdaráis phoiblí | 7 |
| Eintitis, oifigí nó líonraí arna mbunú ag tríú tíortha | 0 |
| Eagraíochtaí eile, eintitis phoiblí nó mheasctha | 22 |

## 4. Ráta ascnaimh

Tugadh idirthréimhse sé mhí do na cláraithe a bhí sa Chlár Trédhearcachta roimh an 20 Meán Fómhair 2021 chun a gclárú a nuashonrú chun a áirithiú go raibh an Comhaontú Idirinstitiúideach á chomhlíonadh acu (faoin 19 Márta 2022). Shroich an ráta ascnaimh 39% an 31 Nollaig 2021.

## 5. Sonraí geografacha

Níl clárú ar an gClár Trédhearcachta teoranta d'ionadaithe sainleasa atá bunaithe san Aontas, cé go ndéanann an grúpa is mó ionadaithe sainleasa a gcuid gníomhaíochtaí a chur i gcrích i mbunaíocht sa Bheilg. Tá sé sin amhlaidh mar go bhfuil institiúidí an Aontais Eorpaigh lonnaithe sa Bhruiséil. Mar sin féin, ós rud é go ndéantar, le raon feidhme reachtaíocht agus bheartas an Aontais, difear do dhaoine nach Eorpaigh iad agus go bhféadfadh tionchar a bheith aige ar thrádáil agus ar chaidreamh seachtrach eile lasmuigh de theorainneacha na 27 mBallstát, léirítear an raon domhanda sin sa Chlár Trédhearcachta freisin.




## 6. Cuairteanna ar shuíomh gréasáin an Chláir Trédearcachta

In 2021, tugadh 326 700 cuairt ar shuíomh gréasáin an Chláir Trédhearcachta. Chun críoch an fhorléargais staidrimh seo, sainmhínítear 'cuairt' mar chuairteoir a bhfuil rochtain á fáil aige nó aici den chéad uair ar an suíomh gréasáin. Má fhanann an cuairteoir céanna ar leathanach amháin níos mó ná 30 nóiméad tar éis féachaint ar an leathanaigh deiridh, meastar gur cuairt nua é sin. Ar an meán, is é an miondealú atá air sin go dtugtar 27 200 cuairt ar an suíomh in aghaidh na míosa.

Bhain thart ar 54% díobh siúd a thug cuairt ar an suíomh gréasáin úsáid as an bhfeidhm chuardaigh as Béarla; tugadh cuairt ar an leathanach baile Béarla thar aon cheann eile, agus ina dhiaidh sin, in ord íslitheach, ar na leathanaigh bhaile as Fraincis, as Gearmáinis, as Spáinnis agus as Iodáilis. Tagann beagnach 86% de na cuairteanna ó úsáideoirí san Eoraip, agus ina dhiaidh sin tagann beagnach 9% de na cuairteanna as Meiriceá Thuaidh. Laistigh den Eoraip, is as an mBeilg a tionscnaíodh 27% de na cuairteanna ar an suíomh gréasáin; ina

dhiaidh sin, tionscnaíodh na cuairteanna sin sa Ghearmáin, sa Fhrainc (thart ar 10%) agus sa Ríocht Aontaithe (thart ar 9%).

In 2021, rinneadh an dá thairseach sonraí oscailte a úsáidtear le haghaidh shonraí an Chláir Trédhearcachta (an tairseach le haghaidh institiúidí an Aontais ina bhfuil tuairim is 16 000 tacar sonraí agus an tairseach le haghaidh na mBallstát ina bhfuil thart ar 1 300 000 tacar sonraí) a chomhdhlúthú in 'data.europa.eu'. Ina theannta sin, tar éis sheoladh na foirme clárúcháin nua an 20 Meán Fómhair 2021, rinneadh an fheidhmiúlacht lenar féidir tacar sonraí an Chláir Trédhearcachta a aistriú chuig an Tairseach Sonraí Oscailte a chur ar fionraí go sealadach, de bharr na n-athruithe ar struchtúr na foirme nua.

D'ainneoin na fionraí thuasluaite, in 2021 ba é tacar sonraí an Chláir Trédhearcachta a aistríodh chuig data.europa.eu comhdhlúite an 12ú tacar sonraí is mó ar breathnaíodh air i measc breis agus 1 300 000[30] tacar sonraí a foilsíodh ansin. Leis na tacair sonraí cuirtear ar chumas úsáideoirí an liosta de na daoine atá creidiúnaithe chun rochtain a fháil ar áitribh Pharlaimint na hEorpa agus an liosta de na heagraíochtaí atá agus a bhí ar an gClár Trédhearcachta le tamall de bhlianta a íoslódáil (i bhformáid xml nó Excel).

## VI. Conclúidí

De bharr theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh, ba bhliain an-dúshlánach a bhí sa bhliain 2021. Ó thaobh oibríochta agus riaracháin de, bhí iarrachtaí móra de dhíth chun an bealach a réiteach le haghaidh aistriú rianúil ón seanchóras go dtí an córas nua sainordaitheach. Áiríodh leis sin treoraíocht nua a eisiúint d'iarratasóirí agus do chláraithe agus réitigh theicniúla a chur chun feidhme chun dul in oiriúint do na ceanglais nua a d'eascair ón gComhaontú Idirinstitiúideach, go háirithe forbairt a dhéanamh ar fhoirm nua chlárúcháin agus athchóiriú a dhéanamh ar shuíomh gréasáin an Chláir Trédhearcachta. Leis an aistriú chuig an gcóras nua, tháinig méadú freisin ar líon na n-iarrataí díreacha ar chúnamh deisce cabhrach agus ar rannpháirtíocht mhéadaithe na Rúnaíochta i ngníomhaíochtaí agus ócáidí múscailte feasachta a bhí dírithe ar na geallsealbhóirí.

An 19 Márta 2022 tháinig deireadh leis an tréimhse ina bhfuil na cláraithe i dteideal a gclárúchán a leasú chun ceanglais faisnéise an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, de bharr dhá shraith éagsúla rialacha a bheith á gcur i bhfeidhm in 2021, roimh an gComhaontú Idirinstitiúideach agus ina dhiaidh, bhí sé thar a bheith dúshlánach faireachán a dhéanamh ar cháilíocht na sonraí. Mar sin féin, bhí cáilíocht fhoriomlán na sonraí sa Chlár Trédhearcachta fós ina heochairthosaíocht in 2021, agus na hiarratais nua uile ar chlárú a tíolacadh agus a bhí bunaithe ar an bhfoirm nua chlárúcháin á seiceáil sular foilsíodh iad, agus é á áirithiú ar an gcaoi sin nár áiríodh clárúcháin nár comhlíonadh leo na caighdeáin incháilitheachta agus cáilíochta sonraí.

30 Tacair sonraí ó institiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí an Aontais, ó na Ballstáit agus ó thíortha eile, chomh maith le húdaráis áitiúla áirithe.